# Ráiteas Measúnachta Riosca maidir le Cumhdach Leanaí sa teach seo

**gníomhaíochtaí**.

Riosca díobhála dochar do pháiste faoi chúram an Tí
Riosca díobhála de bharr bulaíocht
Riosca díobhála de bharr lóistín agus beathú na scoláirí
Riosca díobhála de bharr na meán sóisialta
Riosca díobhála de bharr taisteal agus gluaiseacht na scoláirí
Riosca díobhála de bharr tinneas agus ailléirgí
Riosca díobhála de bharr easpa tuairisciú
Riosca díobhála de bharr Alcól, toitiní agus substaintí eile mídhleathach
Riosca díobhála de bharr peataí an theaghlach áitiúil.

**Tá na nósanna imeachta rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag na Teaghlaigh áitiúla agus Coláiste Mhuigheo i leith a gcuid gníomhaíochtaí**

- Tá cóip de Ráiteas an Choláiste maidir le Cumhdach Leanaí faighte agus léite ón gcoláiste acu.
- Tá na teaghlaigh cláraithe agus aitheanta ag an Roinn Cultúr, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi scáth Scéim na bhFoghlaimeoirí Teanga
- Tá na príomh chúramóirí do na teaghlaigh ag cloí agus tá oiliúint déanta acu faoin Acht Thús Áite do Leanaí 2015
- Déantar cinnte go bhfuil ainm agus sonraí teagmhála an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) sa choláiste (Príomhoide an Chúrsa Reatha) curtha i scríbhinn chucu roimh thús gach cúrsa más amhlaidh go bhfuil duine difriúil i gceist
- Déantar cinnte go bhfuil polasaithe agus rialacháin an Choláiste maidir leis na Teaghlaigh Ghaeltachta (Bean an Tí) faighte agus léite acu ón gColáiste.
- Déantar cinnte go n-imíonn na scoláirí ar fad ón teach ag an am céanna, déantar seic go bhfuil siad ar fad tagtha ag an am céanna, ar maidin, sa tráthnóna agus san oíche
- Dáileadh Cógais agus cur síos ar an tinneas a bheith faighte acu i scríbhinn ó na tuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa
- Ailléirgí agus riachtanais speisialta beatha a bheith faighte i scríbhinn ó na tuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa
- Má chaitheann páiste dul abhaile tinn, déantar cinnte roimh ré go bhfuil duine sa teaghlach (atá os cionn 18 bliain d'aois) agus nach bhfuil leo féin sa teach. Cuirtear duine eile in éineacht leis an duine tinn más amhlaidh go bhfuil duine ón teaghlach leo féin
- Iarrtar ar na teaghlaigh peataí agus ainmhithe na teaghlaigh a bheith faoi smacht, ceangailte nó istigh
- Cloí le hamanna codlata an choláiste le doirse na seomraí codlata fágtha oscailte
- Solas fágtha ar sa halla/pasáiste le linn na hoíche
- Cosc ar fhearais teicneolaíochta ar nós, Ríomhaire lapa
- Cead úsáid an teileafón póca de réir polasaí an choláiste, ach i gcóir 30 nóiméad agus i radharc an teaghlach. Fón pócaí i seilbh an teaghlach ach don 30 nóiméad seo.
- Ní thugtar paschód do WI-FI agus níl cead an WI-FI a úsáid
- Airdeallach ar stóráil agus úsáid Alcól, Toitíní agus substaintí mídhleathach eile sa teach.

Déantar cinnte iompar imníoch a chur in iúl do Choláiste, ar nós, duine leo féin agus gan a bheith ag meascadh.